



TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
RICHARD DE LA TOUR
arna tabhairt an 15 Nollaig 2022¹

Cás C-137/21

Parlaimint na hEorpa

v

An Coimisiún Eorpach

(Mainneachtain gníomhú – Rialachán (AE) 2018/1806 – Liosta de thríú tíortha a gcaithfidh a náisiúnaigh víosaí a bheith acu agus iad ag dul thar teorainneacha seachtracha – Liosta de thríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin – Prionsabal na cómhalmartachta – Oibleagáid gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirtear ar fionraí go sealadach an díolúine ón gceanglas víosa ar feadh tréimhse 12 mhí i leith náisiúnaigh de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá)

I. Réamhrá

1. Leis an gcaingean seo mar gheall ar mhainneachtain gníomhú, iarrann Parlaimint na hEorpa ar an gCúirt a dhearbhú gur mhainnigh an Coimisiún Eorpach a oibleagáidí faoi CFAE a chomhlíonadh trí mhainneachtain gníomh tarmligthe a ghlacadh, mar a fhoráiltear i bpointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1806².

2. Tar éis dom a shuíomh go bhfuil corrlach breithmheasa ag an gCoimisiún i dtaobh an nglacfaidh sé nó nach nglacfaidh sé an gníomh a d'iarr an Pharlaimint, léireoidh mé gur tugadh caingean na Parlaiminte mar gheall ar mhainneachtain gníomhú laistigh de thréimhse réasúnta ama, ach go bhfuil a sheasamh sonraithe ag an gCoimisiún de réir bhrí Airteagal 265 CFAE, rud a fhágann go bhfuil an chaingean do-ghlactha. Mar mhalairt air sin, déanfaidh mé scrúdú ar shubstaint na ceiste ar mhainnigh an Coimisiún gníomhú.

¹ Bunteanga: an Fhraincis.

² Rialachán (CE) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO 2018 L 303, lch. 39).

II. An dlí lena mbaineann

A. Rialachán (CE) Uimh. 539/2001

3. Foráladh in Airteagal 1(4) de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001³, sular leasaíodh é:

“Má bhunaíonn tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II an ceanglas víosa do náisiúnaigh de chuid Ballstáit, cuirfear i bhfeidhm na forálacha seo a leanas, gan dochar do chomhaontú maidir le díolmhú ó cheanglas víosa arna thabhairt i gcrích ag an [Aontas] leis an tríú tír sin:

- (a) féadfaidh an Ballstát fógra i scríbhinn a thabhairt don Choimisiún agus don Chomhairle go bhfuil an ceanglas víosa bunaithe ag an tríú tír;
- (b) i gcás fógra den sórt sin, déanfar oibleagáid na mBallstát náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann a chur faoi réir an cheanglais víosa a bhunú go sealadach 30 lá tar éis an fógra thuasluaite a thabhairt ach amháin má chinneann an Chomhairle a mhalairt, ag gníomhú di trí throllach cáilithe roimh ré;
- (c) foilseoidh an Chomhairle an ceanglas víosa in *Iris Oifigiúil [an Aontais Eorpaigh]* sula ngabhfaidh éifeacht leis;
- (d) scrúdóidh an Coimisiún aon iarraidh a dhéanfaidh an Chomhairle nó Ballstát go dtíolacfaidh sé togra don Chomhairle lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo chun an tríú tír lena mbaineann a áireamh in Iarscríbhinn I agus a bhaint d’Iarscríbhinn II;
- (e) más rud é, sula nglacfaidh an Chomhairle leasú den sórt sin ar na hIarscríbhinní a ghabhann leis an Rialachán seo, go n-aisghairfidh an tríú tír a cinneadh an ceanglas víosa a bhunú, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra láithreach don Choimisiún agus don Chomhairle i scríbhinn dá réir sin;
- (f) foilseoidh an Chomhairle an fógra gan mhoill in *Iris Oifigiúil [an Aontais Eorpaigh]*. Déanfar tabhairt isteach sealadach an cheanglais víosa le haghaidh náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann a aisghairm seacht lá tar éis an dáta foilsithe.”

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4. Le hAirteagal 1(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1289/2013⁴ arna leasú, le héifeacht ón 9 Eanáir 2014, leasaíodh Airteagal 1(4) de Rialachán Uimh. 539/2001 mar a leanas:

“I gcás inar chuir tríú tír atá liostaithe in Iarscríbhinn II ceanglas víosa i bhfeidhm le haghaidh náisiúnach Ballstáit amháin ar a laghad, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

[...]

³ Rialachán (CE) ón gComhairle an 15 Márta 2001 lena liostaítear na tríú tíortha a bhfuil ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (IO 2001 L 81, lch. 1).

⁴ Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 (IO 2013 L 347, lch. 74).

(d) Déanfaidh an Coimisiún, agus céimeanna breise á meá aige i gcomhréir le pointe (e), pointe (f) nó pointe (h), toradh na mbeart arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann chun taisteal gan víosa leis an tríú tír i gceist a áirithiú, mar aon leis na céimeanna a ghlacfar i gcomhréir le pointe (b) [...] isteach, agus na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír ábhartha si[n] [a chur san áireamh];

[...]

(f) Muna mbíonn an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír lena mbaineann laistigh de 24 mhí tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a), glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 4b lena gcuirfear ar fionraí sealadach, ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag, cur i bhfeidhm Iarscríbhinn II ar feadh tréimhse 12 mhí le haghaidh náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann. Cinnfear leis an ngníomh tarmligthe dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfionraí maidir le cur i bhfeidhm Iarscríbhinn II, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh agus lena leasófar Iarscríbhinn II dá réir. Déanfar an leasú sin trí bhíthin fo-nóta a chur le hais ainm an tríú tír atá i dtreis, ina gcuirtear in iúl go bhfuil an díolúine ón víosa ar fionraí i ndáil leis an tríú tír sin agus ina [sainítear] tréimhse na fionraíochta sin. Maidir leis an dáta ar a ngabhann éifeacht le fionraíocht chur i bhfeidhm Iarscríbhinn II do náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann nó i gcás ina mbíonn agóid i gcoinne an ghnímh tharmligthe á chur in iúl de bhun Airteagal 4b(5), rachaidh aon ghníomh tarmligthe a glacadh de bhun phointe (e) a bhaineann leis an tríú tír sin [in éag].

Má tharlaíonn sé go ndéanann an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh mar a thagraítear dó i bpointe (h), cuirfear 6 mhí de shíneadh breise leis an tréimhse fionraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo. Déanfar an fonóta dá dtagraítear san fhomhír sin a leasú dá réir.

Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 4, éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríú tír a mbaineann an gníomh tarmligthe léi, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát.

[...]”

B. Rialachán 2018/1806

5. Rinneadh Rialachán Uimh. 539/2001 a aisghairm agus Rialachán 2018/1806 a chur ina ionad, le héifeacht ón 18 Nollaig 2018, agus tuigtear na tagairtí do Rialachán Uimh. 539/2001 mar thagairtí do Rialachán 2018/1806 agus atá le léamh i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin⁵.

6. De réir Airteagal 1 de Rialachán 2018/1806:

“Leis an Rialachán seo cinntear na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh faoi réir an cheanglais víosa, nó díolmhaithe uaidh ar bhonn measúnaithe de réir gach cáis ar leith ar roinnt critéar a bhaineann, *inter alia*, le hinimirce neamhdhleathach, beartas poiblí agus slándáil, tairbhe eacnamaíoch, go háirithe i dtéarmaí turasóireachta agus trádála coigríche, agus caidreamh

⁵ Féach Airteagal 14 den Rialachán sin.

seachtrach an Aontais leis na tríú tíortha ábhartha, lena n-áirítear, go háirithe, breithnithe maidir le cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, chomh maith leis na himpleachtaí a bhaineann le comhleanúnachas agus cómhálartacht réigiúnach.”

7. Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

“I gcás inar chuir tríú tír a liostaítear in Iarscríbhinn II ceanglas víosa i bhfeidhm le haghaidh náisiúnach Ballstáit amháin ar a laghad, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) laistigh de 30 lá tar éis don tríú tír an ceanglas víosa a chur chun feidhme, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann, Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar an eolas ina leith i scríbhinn.

Maidir leis an bhfógra sin:

- (i) sonrófar ann dáta cur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann;
- (ii) áireofar leis an bhfógra sin míniú mionsonraithe ar na réamhbhearta a rinne an Ballstát lena mbaineann d’fhonn taisteal gan víosa a áirithiú leis an tríú tír lena mbaineann agus áireofar leis an bhfaisnéis go léir is ábhartha.

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis a bhaineann leis an bhfógra sin gan mhoill in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, lena n-áirítear faisnéis maidir le dáta cur chun feidhme an cheanglais víosa agus cineálacha na ndoiciméad taistil agus na víosaí lena mbaineann.

Má chineann an tríú tír an ceanglas víosa a tharraingt siar sula n-éagann an sprioc-am dá dtagraítear sa chéad fhomhír den phointe seo, ní thabharfar an fógra, nó, aistarraingeofar é agus ní fhoilseofar an fhaisnéis;

- (b) déanfaidh an Coimisiún, láithreach bonn tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann, glacfaidh an Coimisiún céimeanna, i gcomhar le húdaráis an tríú tír, go háirithe i réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d’fhonn taisteal gan víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas gan mhoill maidir leis na céimeanna sin;
- (c) i gcás nach bhfuil an tríú tír tar éis an ceanglas víosa a tharraingt siar laistigh de 90 lá tar éis dáta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus in ainneoin na gcéimeanna a glacadh i gcomhréir le pointe (b), féadfaidh an Ballstát lena mbaineann a iarraidh ar an gCoimisiún an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí do chatagóirí áirithe náisiúnach an tríú tír sin. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát iarraidh dá shórt, cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas faoi;
- (d) déanfaidh an Coimisiún, agus céimeanna breise á meá aige i gcomhréir le pointe (e), pointe (f) nó pointe (h), toradh na mbeart arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann chun taisteal gan víosa leis an tríú tír i gceist a áirithiú, mar aon leis na céimeanna a ghlacfar i gcomhréir le pointe (b) chun a athbhunú nó a thabhairt isteach, agus na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír ábhartha sin [a chur san áireamh];

(e) i gcás nach bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír sin lena mbaineann, déanfaidh an Coimisiún, ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí ó dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a) agus ansin ag eatraimh nach faide ná 6 mhí laistigh de thréimhse iomlán nach rachaidh thar an dáta ina dtagann an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f) i bhfeidhm nó má chuirtear ina aghaidh:

(i) gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ar iarraidh ón mBallstát (Ballstáit) lena mbaineann nó ar a thionscnamh féin lena gcuirfear ar fionraí go sealadach, go ceann tréimhse 6 mhí, an díolúine ón gceanglas víosa atá ag catagóirí áirithe náisiúnach ón tríú tír lena mbaineann. Socrófar leis an ngníomh cur chun feidhme sin dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht le fionraí na díolúine ón gceanglas víosa, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh. Agus gníomhartha tarmligthe á nglacadh aige, féadfaidh an Coimisiún tréimhsí breise nach faide ná 6 mhí a chur leis an bhfionraí sin agus féadfaidh sé modhnú a dhéanamh ar chatagóirí na náisiúnach ón tríú tír atá i dtreis agus ar fionraíodh an díolúine ón gceanglas víosa ina leith.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2). Gan dochar do chur i bhfeidhm Airteagal 6, le linn thréimhsí na fionraíochta sin, éileofar go mbeidh víosa ina sheilbh ag gach catagóir náisiúnaigh ón tríú tír dá dtagraítear sa gníomh cur chun feidhme, agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát; nó

(ii) cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 11(1) lena ndéanfar measúnú ar an gcás agus ina léireofar na cúiseanna ar bheartaigh an coiste gan an díolúine ón gceanglas víosa a fhionraí agus cuirfidh sé Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas maidir leis.

Cuirfear na tosca ábhartha uile, amhail iad siúd dá dtagraítear i bpointe (d), san áireamh sa tuarascáil sin. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle plé polaitiúil a dhéanamh ar bhonn na tuarascála sin;

(f) i gcás nach bhfuil an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír lena mbaineann laistigh de 24 mhí tar éis dháta an fhoilsithe dá dtagraítear sa tríú fomhír de phointe (a), glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 10 lena gcuirfear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí sealadach ar feadh tréimhse 12 mhí le haghaidh náisiúnaigh an tríú tír lena mbaineann. Socrófar leis an ngníomh tarmligthe dáta, laistigh de 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm, ar a ngabhfaidh éifeacht leis an bhfionraí maidir leis an díolúine ón gceanglas víosa, agus na hacmhainní atá ar fáil i gconsalachtaí na mBallstát á gcur san áireamh agus lena leasófar Iarscríbhinn II dá réir. Déanfar an leasú sin trí bhíthin fonóta a chur le hais ainm an tríú tír atá i dtreis, ina gcuirtear in iúl go bhfuil an díolúine ón víosa ar fionraí i ndáil leis an tríú tír sin agus ina [sainítear] tréimhse na fionraíochta sin.

[...]

(h) i gcás nach bhfuil [...] an ceanglas víosa tarraingthe siar ag an tríú tír laistigh de 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an gníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f), féadfaidh an Coimisiún togra reachtach chun an Rialachán seo a leasú a thíolacadh chun an tagairt don tríú tír a aistriú ó Iarscríbhinn II go dtí Iarscríbhinn I;

[...]”

8. Tá Stáit Aontaithe Mheiriceá ar an “liosta de thríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas víosa ar thrasnú teorainneacha seachtracha na mBallstát dóibh ar feadh tréimhsí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá”, cumhdaithe ag Iarscríbhinn II de Rialachán 2018/1806.

III. Cúlra na díospóide

9. An 12 Aibreán 2016, thíolaic an Coimisiún Teachtaireacht ina ndearnadh measúnú ar staid na neamh-chómhalartachta le tríú tíortha áirithe i réimse an bheartais víosaí⁶. Bhí Stáit Aontaithe Mheiriceá i measc na dtíortha ainmnithe ina raibh neamh-chómhalartacht fós ann maidir le víosaí.

10. Ina dhiaidh sin, thíolaic an Coimisiún sé theachtairacht leantacha maidir leis an staid sin⁷. Ó bhí Teachtaireacht mhí na Nollag 2017 ann, bhain an t-aon chás neamh-chómhalartachta a bhí fágtha le Stáit Aontaithe Mheiriceá, a dhiúltaigh glacadh le saoránaigh de chuid Phoblacht na Bulgáire, Phoblacht na Cróite, Phoblacht na Cipire agus na Rómáine gan víosa.

11. I bhfianaise na hoibleagáide a d’fhorchuir Stáit Aontaithe Mheiriceá ar náisiúnaigh na mBallstát sin, d’iarr an Pharlaimint, le Rún an 2 Márta 2017⁸, ar an gCoimisiún gníomhú, de réir bhrí Airteagal 265 CFAE, trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh dá bhforáiltear in Airteagal 1(4) de Rialachán Uimh. 539/2001, arna leasú le Rialachán Uimh. 1289/2013, chun an díolúine víosa gearrphanachta do náisiúnaigh na Stát Aontaithe agus do náisiúnaigh Cheanada a chur ar fionraí go sealadach de bharr nár comhlíonadh coinníoll na cómhálartachta.

12. Mar fhreagairt ar an iarraidh sin chun gníomhú, ghlac an Coimisiún seasamh, trí Theachtairacht an 2 Bealtaine 2017, maidir le Rún an 2 Márta 2017⁹, ós rud é go mbeadh glacadh gnímh tharmligthe chun an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh na Stát Aontaithe agus Cheanada a chur ar fionraí go sealadach fritorthúil agus nach rannchuideodh sé leis an gcuspoir maidir le taisteal gan víosa a bhaint amach do shaoránaigh uile an Aontais.

13. An 22 Deireadh Fómhair 2020, den dara huair, d’iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún, trí bhíthin rún nua¹⁰, gníomhú, de réir bhrí Airteagal 265 CFAE, trí ghníomh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 a ghlacadh chun an díolúine ó víosa gearrphanachta do náisiúnaigh Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur ar fionraí go sealadach, i bhfianaise an cheanglais víosa arna fhorchur ag na Stáit sin ar náisiúnaigh den Bhulgáir, den Chróit, den Chipir, agus den Rómáin.

⁶ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle dar teideal “Staid na himeartha agus bealaí chun cinn i leith staid na neamh-chómhalartachta le tríú tíortha áirithe i réimse an bheartais víosaí” [COM (2016) 221 final], “Teachtairacht an 12 Aibreán 2016”.

⁷ Teachtaireachtaí ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cásanna neamh-chómhalartachta an 13 Iúil 2016 [COM (2016) 481 final]; an 21 Nollaig 2016 [COM (2016) 816 final]; an 2 Bealtaine 2017 [COM (2017) 227 final]; an 20 Nollaig 2017 [COM (2017) 813 final]; an 19 Nollaig 2018 [COM (2018) 855 final], agus an 23 Márta 2020 [COM (2020) 119 final].

⁸ Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hoibleagáidí an Choimisiúin i ndáil le cómhálartacht víosaí de bhun Airteagal 1(4) de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 [2016/2986 (RSP)], “Rún an 2 Márta 2017”.

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina leagtar amach seasamh an Choimisiúin tar éis an Rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Márta 2017 maidir le hoibleagáidí an Choimisiúin i ndáil le cómhálartacht víosaí agus tuairisciú ar an dul chun cinn a rinneadh [COM (2017) 227 final].

¹⁰ Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le hoibleagáidí an Choimisiúin i ndáil le cómhálartacht víosaí de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2018/1806 [2020/2605 (RSP)], “rún an 22 Deireadh Fómhair 2020”.

14. Trí Theachtaireacht an 22 Nollaig 2020¹¹, leag an Coimisiún amach arís na cúiseanna nár mheas sé gur ghá, an tráth sin, gníomh tarmligthe a ghlacadh de réir bhrí phointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806.

IV. Imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais agus argóintí na bpáirtithe

15. Le doiciméad an 4 Márta 2021, thug an Pharlaimint caingean os comhair na Cúirte mar gheall ar mhainneachtain gníomhú, agus í den tuairim nach gceadaíonn pointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 don Choimisiún gan gníomh tarmligthe a ghlacadh toisc go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le gníomh den sórt sin a ghlacadh.

16. Iarrann an Pharlaimint ar an gCúirt:

- a chinneadh gur sháraigh an Coimisiún an Conradh toisc nár ghlac sé an gníomh tarmligthe de bhun phointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, agus
- a ordú don Choimisiún na costais a íoc.

17. Iarrann an Coimisiún an chaingean a dhíbhe agus ordú a thabhairt don Pharlaimint na costais a íoc.

18. Le doiciméad ar leith dar dáta an 18 Bealtaine 2021, d’ardaigh an Coimisiún pléadáil maidir le do-ghlacthacht. Thíolaic an Pharlaimint a barúlacha maidir leis an bpléadáil sin an 28 Meitheamh 2021.

19. An 21 Meán Fómhair 2021, chinn an Chúirt an phléadáil maidir le do-ghlacthacht a d’ardaigh an Coimisiún a fhorchoimeád don bhreithiúnas críochnaitheach.

20. Maidir le hinghlacthacht, deir an Coimisiún gur ghlac sé seasamh go bailí, mar fhreagairt ar iarraidh na Parlaiminte chun gníomhú, trí Theachtaireacht an 22 Nollaig 2020 a ghlacadh chun freagra a thabhairt ar an iarraidh sin. Áitíonn sé, trí chur isteach an dara hiarraidh chun gníomhú in 2020 a bhfuil an t-inneachar céanna inti agus a bhí in 2017, go ndeachaigh an Pharlaimint timpeall ar an teorainn ama maidir le himeachtaí a thionscnamh a leagtar síos in Airteagal 265 CFAE, ar ábhar beartais phoiblí é. Anuas air sin, cé, de réir léirmhíniú na Parlaiminte, go raibh sé faoi oibleagáid gníomh tarmligthe a ghlacadh chomh luath le 2017, ní féidir an dara hiarraidh chun gníomhú a dhéanamh mar gheall ar thorthaí an bhealaigh taidhleoireachta a úsáideadh ná mainneachtain leanúnach gníomhú a bheith ann lena dtugtar údar maith le caingean arna tabhairt laistigh de thréimhse réasúnta in 2020.

21. Os a choinne sin, measann an Pharlaimint nár shonraigh an Coimisiún a sheasamh de réir bhrí an dara mír d’Airteagal 265 CFAE, ós rud é nach ndearna sé ach eilimintí dá theachtaireachtaí roimhe sin a athrú. Ina theannta sin, sonraíonn an Pharlaimint go bhfuil an dara hiarraidh uathí chun gníomhú inghlactha ós rud é go bhfuil an Coimisiún ina údar le mainneachtain leanúnach gníomhú agus nach ionann an dara hiarraidh agus an chéad iarraidh ina n-ábhar. Dúirt an Pharlaimint freisin, tar éis na dtoghchán, go raibh athrú tagtha ar a comhdhéanamh idir an dá rún.

¹¹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ina leagtar amach seasamh an Choimisiúin tar éis an Rúin ó Pharlaimint na hEorpa an 22 Deireadh Fómhair 2020 maidir le hoibleagáidí an Choimisiúin i ndáil le cómhalmartacht víosaí agus staid na himeartha ina leith [COM (2020) 851 final], “Teachtaireacht an 22 Nollaig 2020”.

22. Maidir leis an tsubstaint, áitíonn an Pharlaimint nach dtugtar aon chorrach breithmheasa don Choimisiún le pointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 maidir le cé acu an féidir nó nach féidir gníomh tarmligthe a ghlacadh nó an rogha cathain nach mór an gníomh tarmligthe sin maidir le fionraí na díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh de chuid na Stát Aontaithe a ghlacadh, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos san fhoráil sin. Ina tuairim, is é an t-aon choinníoll amháin a bhaineann le himeachtaí a thionscnamh an coinníoll oibiachtúil a bhaineann le dul in éag tréimhse 24 mhí tar éis fhoilsiú an fhógra dá bhforáiltear i bpointe (a) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806. Ní thugtar an coinníoll aonair sin faoi cheist le pointe (d) den chéad mhír d’Airteagal 7 den Rialachán sin, nach féidir anailís a dhéanamh air mar réamhchoinníoll chun an gníomh tarmligthe a ghlacadh, gan amhras a chaitheamh, *contra legem*, ar an oibleagáid atá ar an gCoimisiún an gníomh tarmligthe sin a ghlacadh ag deireadh na tréimhse 24 mhí agus a ról i gcur chun feidhme an tsásra cómhálartachta a bhaint den Pharlaimint agus den Chomhairle tríd an sásra sin a stopadh ag an gcéad chéim. Dúirt an Pharlaimint freisin nach féidir an Coimisiún a scaoileadh óna oibleagáid gníomhú ar an bhforas nár iarr aon cheann de na Ballstáit lena mbaineann air an gníomh tarmligthe atá i gceist a ghlacadh.

23. Pléadálann an Coimisiún i bhfabhar oibleagáid gan choinníoll gníomhú mar gheall ar an réamhchoinníoll a leagtar síos i bpointe (d) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 lena gceanglaítear air, agus bearta breise á mbreithniú aige i gcomhréir le pointe (e), pointe (f) nó pointe (h) den Airteagal sin, toradh na mbearta a ghlac an Ballstát lena mbaineann, na céimeanna a ghlac sé féin sna réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d’fhonn an díolúine ón gceanglas víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach, agus na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine sin i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír ábhartha sin a chur san áireamh. Tá an léirmhíniú sin comhsheasmhach le foclaíocht Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 agus le rún 21 Bhallstát a cuireadh in iúl nuair a glacadh Rialachán Uimh. 1289/2013, lenar tugadh isteach an sásra cómhálartachta. Dúirt sé freisin go raibh toradh ar an mbealach taidhleoireachta i gcás náisiúnaigh na Polainne agus na Cróite agus nár iarr aon cheann de na Ballstáit lena mbaineann fós air an gníomh tarmligthe i dtrácht a ghlacadh.

V. Anailís

A. Réamhbharúlacha

24. Chun déileáil leis an gcaingean reatha, measaim gur gá aghaidh a thabhairt ar cheist maidir le léirmhíniú ginearálta ar Rialachán 2018/1806 i ndáil leis an gcorrlach breithmheasa atá ag an gCoimisiún i gcás ina mbaintear leas as sásra na cómhálartachta dá bhforáiltear i bpointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 den Rialachán sin. Leis an léirmhíniú sin, beifear in ann forais na do-ghlacthachta arna dtarraingt anuas ag an gCoimisiún a thuiscint, ar an gcéad dul síos, maidir leis an gcaingean a bheith déanach mar gheall ar iarraidh chun gníomhú roimhe sin ón bParlaimint in 2017 ina bhfuil inneachar an-chosúil leis an iarraidh a cuireadh faoi bhráid na Cúirte sa chaingean seo agus, ar an dara dul síos, seasamh a bheith ann arna ghlacadh ag an gCoimisiún lena dtugtar na himeachtaí mar gheall ar mhainneachtain gníomhú chun críche.

25. Mar mheabhrú, déantar foráil i Rialachán 2018/1806, ina ndéantar an dul chun cinn a tugadh isteach le Rialachán Uimh. 1289/2013 in Airteagal 1(4) de Rialachán Uimh. 539/2001 a atáirgeadh maidir leis an bpointe seo, d'fhreagraí céimnithe i gcás ina bhforchuireann tríú tír víosaí do náisiúnaigh na mBallstát uile nó cuid díobh, de bhrí go bhfuil díolúine ón gceanglas víosa aici dá náisiúnaigh féin ar thaobh na mBallstát uile:

26. Is é an chéad bheart féideartha go nglacfadh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcuirtear ar fionraí go ceann sé mhí, in-athnuaithe, an díolúine ón gceanglas víosa do chatagóirí áirithe náisiúnach den tríú tír lena mbaineann¹².

27. Is é an dara beart féideartha go nglacfadh an Coimisiún gníomh tarmligthe lena gcuirtear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí do náisiúnaigh uile an tríú tír sin go ceann 12 mhí¹³.

28. Ar deireadh, má tá víosa fós á héileamh ag an tríú tír lena mbaineann sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun Rialachán 2018/1806 a leasú chun ainm an tríú tír sin a aistriú ó liosta na dtíortha atá díolmhaithe ón gceanglas víosa a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin chuig liosta na dtíortha atá faoi réir an cheanglais víosa a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis¹⁴.

29. An corrlach breithmheasa atá ag an gCoimisiún chun an gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirfead ar fionraí go ceann 12 mhí an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh uile tríú tír, leanann sé as foclaíocht phointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, ina sonraítear, agus cur chun feidhme ceann de na bearta dá dtagraítear i bpointí (e), (f) nó (h) den Airteagal sin á mheá aige, go gcuirfidh an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh:

- toradh na mbeart arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann chun taisteal gan víosa leis an tríú tír atá i gceist a áirithiú;
- na céimeanna a glacadh le húdaráis an tríú tír atá i gceist, go háirithe sna réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d'fhonn taisteal gan víosa¹⁵ a athbhunú nó a thabhairt isteach, agus
- na hiarmhairtí a thagann ó fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa i ndáil leis an gcaidreamh seachtrach a bhíonn ag an Aontas agus a Bhallstáit leis an tríú tír i dtrácht.

30. Measann an Coimisiún go leanann sé as foclaíocht phointe (d) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 go bhfuil corrlach breithmheasa aige ós rud é nach mór dó aird a thabhairt ar na trí ghné sin ar réamhchoinníoll iad maidir le glacadh an ghnímh tharmligthe lena bhfionraítear an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh uile an tríú tír sin ar feadh 12 mhí.

31. Tá a mhalairt de thuairim ag an bParlaimint, a mheasann nach bhfuil cur i bhfeidhm phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 den Rialachán sin faoi réir aon réamhchoinníollacha agus go mbaineann an t-aon lamháltas atá ag an gCoimisiún leis an dáta a ngabhfaidh éifeacht leis an ngníomh tarmligthe lena bhfionraítear an díolúine ón gceanglas víosa, agus ní mór dó acmhainní chonsalachtaí na mBallstát a chur san áireamh ina leith sin.

¹² Pointe (e) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806.

¹³ Pointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806.

¹⁴ Pointe (h) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806.

¹⁵ Pointe (b) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806, trí thagairt.

32. Dealraíonn sé dom, murab ionann agus an méid a mhaíonn an Pharlaimint, go bhfuil sé soiléir ó léamh comhcheangailte phointe (d) agus phointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 go bhfuil corrlach breithmheasa ag an gCoimisiún ar dhá bhealach, cé go sonraítear i bpointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 den Rialachán sin “[go n]glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe”. Ar thaobh amháin, maidir le prionsabal úsáid gnímh tharmligthe, ní mór dó, sula nglacfaidh sé gníomh den sórt sin, na tosca a leagtar amach i bpointe (d) den chéad mhír d’Airteagal 7 a chur san áireamh agus, ar an taobh eile, maidir le teacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe, féadfaidh sé é a chur siar laistigh de thréimhse 90 lá tar éis a theacht i bhfeidhm chun acmhainní na gconsalachtaí, mar atá aitheanta ag an bParlaimint, a chur san áireamh.

33. Ag an gcéad chéim den sásra cómhalartachta, foráiltear le pointe (e)(ii) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 go ndéanfaidh an Coimisiún, má chinneann sé gan an díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí do chatagóirí áirithe saoránach go ceann tréimhse sé mhí, tuarascáil a chur faoi bhráid an choiste dá dtagraítear in Airteagal 11(1) den Rialachán sin ina gcuirfidh sé na tosca ábhartha uile san áireamh, lena n-áirítear na tosca dá dtagraítear i bpointe (d) den chéad mhír d’Airteagal 7 den Rialachán sin.

34. Ina theannta sin, leis na coinníollacha chun an sásra cómhalartachta sin a tharraingt suas, le gníomh cur chun feidhme nó gníomh tarmligthe a ghlacadh lena gcuirtear an díolúine ón gceanglas víosa ar fionraí go ceann tréimhse áirithe le linn an nós imeachta um athbhreithniú ar Rialachán Uimh. 539/2001, a tionscnaíodh in 2011¹⁶, tugtar le fios freisin nach cóir an díolúine a chur ar fionraí go huathoibríoch.

35. Go deimhin, níor foráladh do na gníomhartha tarmligthe sin ná do na gníomhartha cur chun feidhme sin, a chomhfhreagraíonn don chéad chéim nó don dara céim de shásra na cómhalartachta, i dtogra 2011 nach ndéantar ann, sna cúiseanna a bhí lena dhréacht, ach a shonrú “maidir le meicníocht tosaigh na cómhalartachta atá luaite i Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 bhí uathoibreánachas áirithe inti cheana: ní raibh sé ina cheangal fógra a thabhairt i leith cásanna neamh-chómhalartachta. Bhí an Ballstát lenar bhain sé in ann cinneadh a dhéanamh fógra a thabhairt nó gan fógra a thabhairt. Ach i gcás inar tugadh fógra, bhí sé de cheangal ar na Ballstáit an ceanglas víosa do náisiúnaigh tríú tíortha lenar bhain sé a fhorchur go sealadach agus go huathoibríoch, 30 lá tar éis na fógraí a fháil, murar rud é gur chinn an Chomhairle a mhalairt. Measadh gur laige i meicníocht tosaigh na cómhalartachta an t-uathoibreánachas seo agus tréigeadh é in 2005 mar rud nach mbeadh toradh uaidh. Níl aon chúis lena chreidiúint go mbeadh sé níos éifeachtúla anois. Meastar go bhfuil meicníocht reatha na cómhalartachta, mar a modhnaíodh í in 2005, éifeachtúil ar an iomlán agus laghdaíodh na cásanna neamh-chómhalartachta go suntasach. Maidir leis sa cásanna neamh-chómhalartachta atá fágtha is cásanna iad den chuid is mó ina measann tríú tíortha nach gcomhlíonann Ballstáit áirithe critéir oibiachtúla le haghaidh tarscaoileadh víosa atá leagtha síos ag na tríú tíortha ina reachtaíocht náisiúnta.¹⁷ Mar sin, le linn an nós imeachta chun an Rialachán a athbhreithniú, ba léir go raibh seasamh ag an gCoimisiún i bhfabhar cloí le neamh-uathoibreánachas agus mhol sé leasú ar Airteagal 1(4)(c) den Rialachán sin chun iarmhairtí Chonradh Liospóin a chur san áireamh agus chuige sin amháin.

¹⁶ Féach an Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a gcaithfidh na náisiúnaithe víosaí a bheith agus iad ag dul thar theorainneacha seachtracha agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin, arna tabhairt an 24 Bealtaine 2011 [COM(2011) 290 final], “Togra 2011” ina dhiaidh seo.

¹⁷ Togra 2011, Ich. 6.

36. Ba le linn an phlé sa Chomhairle a tháinig an smaoineamh a chur ar chumas an Choimisiúin, arna iarraidh sin ag an mBallstát lena mbaineann nó, tar éis teorainn ama áirithe, ar a thionscnamh féin, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfí an díolúine ón gceanglas víosaí ar fionraí ar bhonn cómhálartachta, agus na hiarmhairtí do chaidreamh seachtrach an Aontais á gcur san áireamh, a fhreagraíonn go bunúsach agus don chéad chéim den sásra cómhálartachta a glacadh ar deireadh¹⁸.

37. Ar an ócáid sin, d'athdhearbhaigh an Coimisiún go mbeadh fionraí uathoibríoch an díolúine ón gceanglas víosa fritorthúil agus chuir roinnt Ballstát tuairimí éagsúla in iúl. Mar shampla, mheas Ballstát amháin go raibh an togra comhréitigh seo suimiúil, mar gur léirigh sé dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit leis an domhan lasmuigh. Chuir Ballstát eile in iúl nach bhféadfadh tuarascáil ón gCoimisiún a bheith ina comhartha leordhóthanach don tríú tír agus gur cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún teacht ar réiteach i réimse na víosaí nó i réimse eile amhail an trádáil nó an t-iompar. Cháin Ballstát deireanach an cur chuige a glacadh as a bheith rófhada agus róchasta¹⁹.

38. I ndáiríre, maidir le hAirteagal 1(4)(d) de Rialachán Uimh. 539/2001, arna leasú le Rialachán Uimh. 1289/2013, lena bhforáiltear nach mór don Choimisiún gnéithe áirithe a chur san áireamh sula nglacfaidh sé bearta áirithe, mar aon leis an sásra cómhálartachta a roinnt ina thrí chéim, is toradh é, go bunúsach, ar na leasuithe a rinne an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile le linn an scrúdaithe sa Pharlaimint ar thogra 2011²⁰, bunaithe ar anailís a rapóirtéara nach raibh feidhmiú sásra na cómhálartachta sásúil²¹. Ghlac Coiste Gnóthaí Eachtracha na Parlaiminte, áfach, a iarradh air a thuairim a thabhairt, seasamh an 24 Samhain 2011 i bhfabhar an *status quo* maidir le forbairt an tsásra cómhálartachta, ag glacadh seasamh tosaigh an Choimisiúin²².

39. Is léir ón bplé sin go raibh seasaimh an-éagsúil ann maidir leis an sásra cómhálartachta, a uathoibreachánachas, céimeanna an tsásra sin, cineál na ngníomhartha atá le glacadh ag an gCoimisiún, na teorainneacha ama chun iad a ghlacadh agus an fhéidearthacht dul i mbun caibidlíochta i réimsí eile.

40. I bhfianaise na n-eilimintí sin, tá sé tábhachtach ar an gcéad dul síos, an t-athrú ar fhoclaíocht Airteagal 1(4)(d) de Rialachán Uimh. 539/2001 idir leasú na Parlaiminte a thabhairt faoi deara, agus nach luaitear ann ach an méid seo: “Agus bearta eile á mbreithniú aige, cuirfidh an

¹⁸ Féach miontuairiscí an chruinnithe oibre ar víosaí an 7 Feabhra 2012 den ghrúpa “Víosáí”/an Comhchoiste (AE-an Íoslainn/an Iorua agus an Eilvéis/Lichtinstéin), doiciméad 6807/12, atá ar fáil ag an seoladh Idirlín seo a leanas: <https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-6807-2012-INIT/en/pdf>, go háirithe leasú atá beartaithe ar Airteagal 1(4)(c) de Rialachán Uimh. 539/2001 (lch. 9).

¹⁹ Féach na miontuairiscí atá luaite san fhonóta roimhe seo den Tuairim seo, go háirithe fonóta 1 (lch. 8).

²⁰ Féach an Tuarascáil maidir leis an Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle lena liostaítear na tríú tíortha a gcaithfidh a náisiúnaigh víosaí a bheith acu agus iad ag dul thar teorainneacha seachtracha agus na tríú tíortha a bhfuil a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin (A7-0139/2013), ar fáil ag an seoladh Idirlín seo a leanas: https://www.europarl.europa.eu/doceo/document/A-7-2013-0139_FR.html#_section1

²¹ Féach an meabhrán míniúcháin a ghabhann le dréachtrún reachtach na Parlaiminte atá sa tuarascáil a luaitear san fhonóta roimhe seo a ghabhann leis an Tuairim seo: “Maidir le cómhálartacht mar sin, is léir, in ainneoin ráitis an Choimisiúin, nach bhfuil an córas reatha arna leasú le Rialachán Uimh. 851/2005 éifeachtach. Cé nach gá an sásra uathoibríoch dá bhforáiltear i Rialachán 539/2001 a thabhairt isteach athuair, is gá athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an sásra atá ann faoi láthair d'fhonn gníomhaíocht aontaithe agus dlúthpháirtíocht a ráthú i measc na mBallstát. Níor cheart do bhreithnithe eile amhail caidreamh trádála an Aontais fothaí bunúsacha an chomhbheartais víosaí a chur i mbaol.” [Aistriúchán neamhoifigiúil].

²² Féach an tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha maidir le Togra 2011 atá san áireamh sa tuarascáil a luaitear i bhfonóta 20 den Tuairim seo.

Coimisiún toradh na mbeart san áireamh” [Aistriúchán neamhoifigiúil] agus na focail deiridh seo a leanas: “Déanfaidh an Coimisiún, agus céimeanna breise á meá aige i gcomhréir le pointe (e), pointe (f) nó pointe (h), toradh na mbeart ... [a chur san áireamh]”.

41. Sa dara háit, ní mór an dearbhú ó 21 Bhallstát a chur san áireamh agus Rialachán Uimh. 1289/2013 á ghlacadh acu, ina ndúirt siad go bhféadfadh “impleachtaí tromchúiseacha a bheith ag leasú Rialacháin [Uimh. 539/2001], go háirithe maidir leis an sásra cómhálartachta (Airteagal 1(1)) agus ag an gclásal maidir le fionraí freisin (Airteagal 1(2)), i ndáil le caidreamh seachtrach an Aontais agus a Bhallstát. Cuirimid i bhfios go láidir, dá bharr sin, go bhfuil sé d’oibleagáid ar institiúidí ábhartha an Aontais, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha, grinniniúchadh a dhéanamh ar aon drochiarmhairtí a d’fhéadfadh eascairt ó thograí nó ó chinntí den chineál sin i ndáil le caidreamh seachtrach an Aontais agus a Bhallstát araon, agus na hiarmhairtí sin a chur san áireamh sula mbeidh aon togra nó cinneadh ann. Tá feidhm ag an méid sin go háirithe maidir le caidreamh seachtrach le comhpháirtithe [straitéiseacha]. Dar linne, ba cheart go n-áiritheodh an Chomhairle go ndéanfar na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh go hiomlán.”²³.

42. Thairis sin, measaim nach bhfuil an seasamh a ghlac an Coimisiún, ina chaingean le haghaidh neamhniú atá dírithe, *inter alia*, i gcoinne Airteagal 1(1)(a) de Rialachán Uimh. 1289/2013, lena leasaítear, *inter alia*, Airteagal 1(4)(f) de Rialachán Uimh. 539/2001²⁴, ar dá réir nach mór nach bhfuil aon chorrlach breithmheasa ag an gCoimisiún an gníomh tarmligthe a ghlacadh, ar cheart go dtabharfadh sin ar reachtóir an Aontais gníomh cur chun feidhme a roghnú, cinntitheach sna himeachtaí reatha.

43. Ar an gcéad dul síos, chinn an Chúirt nach raibh an cheist sin ábhartha chun a chinneadh ar tháinig an gníomh atá le glacadh ag an gCoimisiún faoi raon feidhme Airteagal 290 CFAE nó Airteagal 291 CFAE²⁵.

44. Ar an dara dul síos, ó dhearbhaigh an Chúirt gur gníomh tarmligthe é an gníomh a glacadh ar bhonn Airteagal 1(4)(f) de Rialachán Uimh. 539/2001, arna leasú le Rialachán Uimh. 1289/2013 (pointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 anois), is féidir leis an gCoimisiún leas a bhaint as an gcorrlach breithmheasa atá fágtha ag reachtóir an Aontais.

45. Dá bhrí sin, is i bhfianaise an chorrlaigh breithmheasa atá ag an gCoimisiún nach mór scrúdú a dhéanamh ar na forais maidir le do-ghlacthacht.

B. Inghlacthacht

46. Tharraing an Coimisiún dhá fhoras maidir le do-ghlacthacht anuas, ceann amháin a bhaineann leis an bhféidearthacht dara nós imeachta maidir le mainneachtain gníomhú a thionscnamh, cé nár tugadh cás chun na Cúirte tar éis na chéad iarrata chun gníomhú, agus ceann eile a bhaineann le seasamh a bheith sonraithe lena gcuirtear deireadh leis an nós imeachta.

²³ Dearbhú ar fáil ag an seoladh Idirlín seo a leanas:
<https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16088-2013-ADD-1-REV-1/ga/pdf>.

²⁴ Féach an cás as ar tháinig breithiúnas an 16 Iúil 2015, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle* (C-88/14, EU:C:2015:499).

²⁵ Féach breithiúnas an 16 Iúil 2015, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle* (C-88/14, EU:C:2015:499, mír 32).

1. An fhéidearthacht iarraidh nua chun gníomhú a dhéanamh tar éis na chéad iarrata, nár thionscnaíodh cás os comhair Cúirte ina dhiaidh

47. Ar an gcéad dul síos, ní féidir a shéanadh go bhfuil rúin an 2 Márta 2017 agus an 22 Deireadh Fómhair 2020 mar a chéile, taobh amuigh de dhá aithris²⁶ a cuireadh isteach sa dara ceann. Leis an gcéad aithris bhreise (aithris J) den rún deireanach, ní dhéantar ach na hargóintí a chuirtear i láthair sa chuid eile den rún a neartú (dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit²⁷, cailleadh chearta na Parlaiminte agus na Comhairle²⁸) gan aon argóint nua a chur ar fáil. Maidir leis an dara haithris a cuireadh leis (aithris K), ní mheabhraítear inti ach ról an Choimisiúin mar chaomhnóir na gConarthaí agus an baol go lagódh a neamhghníomhaíocht an fheidhm sin. Ní cosúil domsa gur féidir an meabhrúchán ginearálta sin a mheas mar argóint bhreise. Dá bhrí sin, sa dá rún, cáineann an Pharlaimint an Coimisiún agus an mainneachtain gníomhú chéanna agus sin ar na forais chéanna.

48. Maidir le hinghlacthacht na caingne maidir le mainneachtain gníomhú, tá sé neamhábharta, i ndáil leis sin, gur tháinig athrú ar chomhdhéanamh na Parlaiminte idir an dá iarraidh chun gníomhú, ós rud é gur caingean institiúideach í ar le gach institiúid lena mbaineann í.

49. Thairis sin, ní leor é corrlach breithmheasa a bheith ag an gCoimisiún, mar a luaigh mé thuas, chun gur féidir cásdlí na Cúirte Ginearálta a chur i bhfeidhm de réir análaí, cásdlí inar chinn an Chúirt Ghinearálta gur mhainnigh an Coimisiún gníomhú toisc nár ghlac sé gníomh tarmligthe, nuair a bhí an oibleagáid gníomh den sórt sin a ghlacadh, ar a dhéanaí faoin dáta a sonraíodh sa ghníomh reachtach, soiléir, beacht agus neamhchoinníollach²⁹.

50. I mbreithiúnas an 16 Nollaig 2015, *an tSualainn v an Coimisiún*³⁰, bhraith an Chúirt Ghinearálta ar fhoclaíocht na chéad fhomhíre d’Airteagal 5(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012³¹, ina luaitear “tráth nach déanaí ná an 13 Nollaig 2013, déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh [...] lena sonraítear critéir eolaíocha chun airíonna réabtha inchrínigh a chinneadh”, chun a chinneadh “[gur léir] ón bhforáil sin go raibh an Coimisiún faoi oibleagáid shoiléir, bheacht agus neamhchoinníollach chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh a mhéid a bhaineann le sonrú na gcritéir eolaíochta chun airíonna suaite inchríneach a chinneadh, agus faoin 13 Nollaig 2013 ar a dhéanaí”³².

51. Sa chás seo, aisteach go leor, braitheann an Pharlaimint ar an gcásdlí sin chun an Coimisiún a cháineadh as a neamhghníomh, ach gan an fíoras a chur san áireamh nár thionscain sé an chéad chaingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú tar éis don Choimisiún freagra a thabhairt ar a hiarraidh chun gníomhú. Dá mbeadh oibleagáid ar an gCoimisiún gníomhú toisc go raibh an oibleagáid sin soiléir, beacht agus neamhchoinníollach, bheadh ar an bParlaimint leanúint leis na himeachtaí maidir le mainneachtain gníomhú agus an t-ábhar a thabhairt os comhair na Cúirte laistigh den tréimhse a leagtar síos sa dara mír d’Airteagal 265 CFAE; murach sin d’fhéadfaí a mheas gur mí-úsáid na tréimhse sin a hiarraidh nua chun gníomhú.

²⁶ Aithrisí J agus K, lena mheabhraítear na saincheisteanna dlúthpháirtíochta agus institiúideacha a bhaineann le mainneachtain gníomhú an Choimisiúin.

²⁷ Féach aithris C i rúin an 2 Márta 2017 agus an 22 Deireadh Fómhair 2020.

²⁸ Féach aithrisí E go G i rúin an 2 Márta 2017 agus an 22 Deireadh Fómhair 2020.

²⁹ Féach breithiúnas an 16 Nollaig 2015, *an tSualainn v an Coimisiún* (T-521/14, nár foilsíodh, EU:T:2015:976, mír 53).

³⁰ T-521/14, nár foilsíodh, EU:T:2015:976.

³¹ Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO 2012 L 167, lch. 1).

³² Breithiúnas an 16 Nollaig 2015, *an tSualainn v an Coimisiún* (T-521/14, nár foilsíodh, EU:T:2015:976, mír 53).

52. Ós rud é nach bhfuil an oibleagáid gníomhú, sa chás seo, soiléir, beacht agus neamhchoinníollach ar na cúiseanna a luaigh mé, is gá scrúdú a dhéanamh, ar an gcéad dul síos, an bhfuil an tréimhse idir an dá iarraidh chun gníomhú ábhartha d'inghlacthacht na caingne agus, ar an dara dul síos, arbh fhéidir iarraidh nua chun gníomhú, cosúil le hiarraidh a rinneadh roimhe sin, a dhéanamh.

53. Maidir leis an teorainn ama don iarraidh chun gníomhú, ar an gcéad dul síos, dealraíonn sé gur gá cúpla ní a bhaineann leis an amlíne a lua.

54. Go deimhin, rinneadh an foilsíú dá bhforáiltear sa tríú fómhír d'Airteagal 1(4)(a) de Rialachán Uimh. 539/2001, arna leasú le Rialachán Uimh. 1289/2013 (an tríú fómhír de phointe (a) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 anois), an 12 Aibreán 2014³³. Is ón dáta sin nach mór an tréimhse 2 bhliain a bhféadfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh ag a deireadh faoi phointe (f) den chéad mhír d'Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 a chomhaireamh. Dá bhrí sin, amhail ón 11 Aibreán 2016, d'fhéadfadh an Coimisiún gníomh tarmligthe a ghlacadh.

55. Ag deireadh na Teachtaireachta ón gCoimisiún an 12 Aibreán 2016, tugtar cuireadh don Pharlaimint agus don Chomhairle “dul i mbun plé mar ábhar práinne agus seasamh a ghlacadh maidir leis an mbealach is fearr chun cinn [...] i bhfianaise an mheasúnaithe dá bhforáiltear sa Teachtaireacht seo. Iarrtar ar an bParlaimint [...] agus ar an gComhairle a seasaimh faoi seach a chur in iúl don Choimisiún faoin 12 Iúil 2016 ar a dhéanaí” [Aistriúchán neamhoifigiúil].

56. Dá réir sin, nuair a chuaigh an tréimhse 24 mhí in éag, chuir an Coimisiún in iúl go soiléir nach raibh sé ar intinn aige gníomh tarmligthe a ghlacadh láithreach, ach, seachas sin, go raibh sé ag fanacht ar an bParlaimint agus ar an gComhairle seasamh a ghlacadh maidir leis an ábhar sin faoi dháta sonrath.

57. An 13 Iúil 2016 agus ansin an 21 Nollaig 2016³⁴, ghlac an Coimisiún dhá theachttaireacht leantacha nua eile i ndiaidh theachttaireacht an 12 Aibreán 2016 inar thagair sé do na hiarrachtaí taidhleoireachta a rinneadh d'fhonn an díolúine ón gceanglas víosa a bhaint amach do náisiúnaigh na mBallstát lena mbaineann ar mian leo taisteal chuig na Stáit Aontaithe.

58. Níor vótáil an Parlaimint go dtí an 2 Márta 2017 an chéad rún inar tugadh iarraidh chun gníomhú don Choimisiún chun críocha gníomh tarmligthe a ghlacadh.

59. Mar mheabhrú, ní fhoráiltear in Airteagal 265 CFAE d'aon teorainn ama idir an neamhghníomhaíocht a thabhairt faoi deara agus an iarraidh chun gníomhú ó thaobh caingean a thionscnamh mar gheall ar mhainneachtain gníomhú. Mar sin féin, de réir chásdlí na Cúirte, ní mór an iarraidh chun gníomhú a sheoladh chuig an institiúid inniúil laistigh de thréimhse réasúnta ama tar éis an neamhghníomh a thabhairt faoi deara³⁵.

60. Cé gur léir gur laistigh de thréimhse réasúnta ama a rinneadh an chéad iarraidh chun gníomhú, níor lean aon ghníomh ón bParlaimint é, a ghlac leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2017³⁶ inar meabhraíodh na hiarrachtaí taidhleoireachta a rinneadh agus na torthaí

³³ Faisnéis arna soláthar ag an gCoimisiún maidir le fógraí arna ndéanamh ag na Ballstáit i gcás neamh-chómhalartachta de bhun Airteagal 1(4)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 539/2001 ón gComhairle arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 1289/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2014 C 111, lch. 1).

³⁴ Féach fonóta 7 den Tuairim seo.

³⁵ Féach breithiúnas an 6 Iúil 1971, *an Ísiltír v an Coimisiún* (59/70, EU:C:1971:77, mír 19).

³⁶ Féach fonóta 9 den Tuairim seo.

a baineadh amach agus inar luadh go mbeadh glacadh gnímh tharmligthe “fritorthúil faoi láthair agus nach rannchuideodh sé le cuspóir an taistil gan víosa a bhaint amach do shaoránaigh uile [an Aontais]” [Aistriúchán neamhoifigiúil]. Dá bhrí sin, d’fhormheas an Pharlaimint an rogha maidir le bealach taidhleoireachta chun iarracht a dhéanamh an deacracht a réiteach — go hintuigthe ar a laghad. Ach an ionann glacadh le bealaí taidhleoireachta, seachas gníomh tharmligthe a ghlacadh, agus glacadh leis sin go cinntitheach?

61. Ó thaobh na ceiste ama amháin, is cosúil domsa, sa chás seo, gur féidir treoir a fháil ó chásdlí na Cúirte Breithiúnais ar dá réir nach féidir an t-iarratasóir a cháineadh toisc nár ghníomhaigh sé laistigh de thréimhse réasúnta más rud é, le linn na tréimhse ar fad lena mbaineann, go raibh teagmháil rialta ag na páirtithe, agus go raibh sé i dteideal a chreidiúint go réiteofaí an fhadhb go fabhrach³⁷.

62. Ar an gcaoi chéanna, ghlac an Chúirt Ghinearálta le hiarrataí chun gníomhú 26 mhí nó 47 mí tar éis gearán i réimse na Státchabhrach a chur isteach, agus mheas sí, dá bhrí sin, nach bhféadfadh moill an Choimisiúin maidir leis na gearáin sin a imscrúdú dochar a dhéanamh do na hiarratasóirí ó thaobh ama de³⁸.

63. Mura gcuirtear an chéad iarraidh chun gníomhú an 2 Márta 2017 san áireamh sa réasúnaíocht, d’fhéadfaí a mheas, i bhfianaise imthosca an-sonrach an cháis, go gceadaítear fós caingean i leith mainneachtain gníomhú a thabhairt i gcás tréimhse níos faide ná 4 bliana go leith idir Teachtaireacht an 12 Aibreán 2016 — dá dtagraítear in iarratas na Parlaiminte — agus rún an 22 Deireadh Fómhair 2020. Is iad na himthosca an-sonrach sin, sa chás seo, an rogha taidhleoireachta a rinne an Coimisiún, nach féidir a héifeacht a mheasúnú ach amháin thar thréimhse réasúnta fada; glacadh leis an gcur chuige sin trí mhainneachtain na Parlaiminte caingean a thionscnamh mar gheall ar mhainneachtain gníomhú in 2017; cruinnithe oibre trípháirteacha rialta a bheith ann ar mhaithe le náisiúnaigh áirithe de chuid an Aontais; teachtaireachtaí rialta ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle maidir le dul chun cinn na hoibre, chomh maith le paidéim COVID-19 in 2020, a d’fhág nárbh fhéidir taisteal trasatlantach a dhéanamh.

64. Ar an dara dul síos, bheadh claonadh orm dul leis an smaoineamh sin nach bhfuil cosc ama ar an gcaingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú, go háirithe i gcomhthéacs ina leanann an cuireadh chun gníomhú cuireadh tosaigh nach leanfadh tabhairt caingne níos mó ná 3 bliana go leith roimhe sin sa chomhthéacs sonrach sin.

65. Go deimhin, ní féidir gurb ionann an chéad iarracht a rinne an Pharlaimint agus tarscaoileadh intuigthe caingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú a thabhairt níos déanaí i gcomhthéacs sonrach an cháis ós rud é, mar a mhínigh mé cheana féin, gur bealach fada é an bealach taidhleoireachta chun an tsaincheist maidir leis an díolúine ón gceanglas víosaí a réiteach.

66. Go deimhin, d’fhéadfaí dul níos faide fiú, agus glacadh mar thúsphointe i dtaobh an ndearnadh an iarraidh chun gníomhú laistigh de thréimhse réasúnta, gach teachtaireacht nua ina gcuireann an Coimisiún in iúl don Pharlaimint agus don Chomhairle go measann sé go bhfuil sé fritorthúil gníomh tharmligthe a ghlacadh agus go bhfuil sé chun tús áite a thabhairt do bhealaí taidhleoireachta.

³⁷ Féach breithiúnas an 16 Feabhra 1993, *ENU v an Coimisiún* (C-107/91, EU:C:1993:56, mír 24). Sa chás ba bhun leis an mbreithiúnas sin, sé mhí dhéag a bhí sa tréimhse.

³⁸ Féach breithiúnas an 15 Meán Fómhair 1998, *Gestevisión Telecinco v an Coimisiún* (T-95/96, EU:T:1998:206, mír 80).

67. Dá bhrí sin, táim den tuairim gur féidir go ndearnadh an dara hiarraidh chun gníomhú laistigh de thréimhse réasúnta i bhfianaise ghnéithe sonracha an cháis dá dtagraítear i mír 63 den Tuairim seo, cibé acu an meastar gur thosaigh an tréimhse ón gcéad iarraidh chun gníomhú nó ón teachtaireacht dheireanach ón gCoimisiún an 23 Márta 2020³⁹ roimh an dara hiarraidh sin chun gníomhú.

2. *Seasamh a bheith ann*

68. Ar an dara dul síos, tagann an cheist chun cinn i dtaobh an ionann Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2020 agus seasamh a shonrú de réir bhrí an dara mír d’Airteagal 265 CFAE.

69. Is cásdlí socair é nach ionann agus mainneachtain gníomhú é gníomh a bheith glactha ag an institiúid a n-iarrtar uirthi gníomhú, ar gníomh é atá éagsúil leis an ngníomh ar mhian leis an iarratasóir go nglacfaí é⁴⁰.

70. Sa chás seo, d’fhéadfadh sé gurb ionann an fíoras gur ghlac an Coimisiún teachtaireacht inar moladh dul i muinín bealaí taidhleoireachta seachas gníomh tarmligthe a ghlacadh agus seasamh a shonrú a fhágann go bhfuil an chaingean reatha do-ghlactha.

71. Go deimhin, d’aithin an Chúirt nach bhfuil sé d’oibleagáid ar an institiúid a n-iarrtar uirthi gníomhú gníomh de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 288 CFAE a ghlacadh ionas go mbeidh an sonrú seasaimh bailí agus go mbeidh an chaingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú do-ghlactha⁴¹. Chun na críche sin, féadfar a mheas, i gcás inarb iomchuí, gurb ionann aon bheart a ghlacann an institiúid sin agus seasamh. Sa chás seo, faoi réir na gcoinníollacha substainteacha a bhaineann le cad a d’fhéadfadh a bheith ina shonrú seasaimh a bheith comhlíonta le Teachtaireacht an 22 Nollaig 2020, ní leor an fíoras nach beart é an Teachtaireacht sin dá bhforáiltear sa dlí príomha, a mhéid a bhaineann leis an bhfoirm, chun na coinníollacha maidir le caingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú a chomhlíonadh⁴².

72. Maidir leis na coinníollacha substainteacha a bhaineann le “seasamh a shonrú”, tá léirmhíniú an-leathan ag an gCúirt ar an rud is sonrú seasaimh ann, de réir bhrí an dara mír d’Airteagal 265 CFAE. Sa chiall sin, ní mór dhá ní a shonrú.

73. Ar thaobh amháin, is ionann é gur chuir an institiúid ar iarradh uirthi gníomhú, tús a chur leis an bpróiseas cinnteoireachta fiú murar chuir sí i gcrích é, agus seasamh a shonrú, mar sin féin agus fágann sé sin nach bhfuil an chaingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú inghlactha⁴³. Sa chás sin, de bhrí gur ghlac an Coimisiún Teachtaireacht an 22 Nollaig 2020 sular ghlac sé, go féideartha, gníomh tarmligthe, féadfar an méid sin a mheas mar chuid den phróiseas iomlán chun seasamh a ghlacadh agus d’fhéadfaí, más gá, ag brath ar ábhar na teachtaireachta sin, a mheas gur sonrú seasaimh atá ann de réir bhrí an dara mír d’Airteagal 265 CFAE.

³⁹ Féach fonóta 7 den Tuairim seo.

⁴⁰ Féach breithiúnais an 1 Aibreán 1993, *Pesqueras Echebstar v an Coimisiún* (C-25/91, EU:C:1993:131, mír 12 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus an 7 Deireadh Fómhair 2009, *Vischim v an Coimisiún* (T-420/05, EU:T:2009:391, mír 255 agus an cásdlí dá dtagraítear).

⁴¹ Féach breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 1979, *GEMA v an Coimisiún* (125/78, EU:C:1979:237, míreanna 17 agus 18).

⁴² Cazet, S., *Le recours en carence en droit de l’Union européenne*, Bruylant, an Bhruiséil, 2012, míreanna 101 agus 102, lch. 76 go 78.

⁴³ Féach breithiúnas an 26 Feabhra 2003, *CEVA v an Coimisiún* (T-344/00 agus T-345/00, EU:T:2003:40, míreanna 82 go 84).

74. Ar an taobh eile, fiú sonrú páirteach ar sheasamh nó sonrú indíreach seasaimh, is sonrú seasaimh é de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 265 CFAE⁴⁴. I bhfocail eile, más rud é nach réitíonn an institiúid atá ceaptha gníomh a ghlacadh an cás ach go páirteach nó go hindíreach, gan réiteach iomlán a sholáthar, is ionann sin agus an seasamh a shonrú fós, agus féadfar an gníomh i dtrácht a chomhlánú ag céim níos déanaí. Sa chás seo, ag brath ar an léirmhíniú a thabharfar ar ábhar Theachtaireacht an 22 Nollaig 2020, d'fhéadfadh sé, fiú mura réitítear leis an teachtaireacht sin ach go hindíreach nó go páirteach, an cheist maidir leis an díolúine ón gceanglas víosa a chur ar fionraí, gan réiteach beacht a sholáthar, d'fhéadfadh sé go mbeadh an chaingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú do-ghlactha.

75. Leis sin, is mian liom tagairt do dhá fhachtóir a bhaineann go sonrach leis an gcás seo a mheasaim a bheith tábhachtach.

76. Ar an gcéad dul síos, tar éis na chéad iarrata chun gníomhú an 2 Márta 2017, is amhlaidh gur ghlac an Pharlaimint le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2017⁴⁵ agus níor lean sí ar aghaidh lena caingean maidir le mainneachtain gníomhú trína tabhairt os comhair na Cúirte. Dá bhrí sin, ghlac an Pharlaimint leis, go hintuigthe ar a laghad, gurbh ionann an Teachtaireacht sin agus seasamh a shonrú.

77. Ar an dara dul síos, tá fasach ann inar thug iarratasóir caingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú i gcoinne an Choimisiúin toisc nár ghlac sé an gníomh tarmligthe dá bhforáiltear in Airteagal 1(4) de Rialachán Uimh. 539/2001.

78. Bhí freagra an Choimisiúin, a mheas an t-iarratasóir a bheith míshásúil, bunaithe ar thrí ghné. Ar an gcéad dul síos, mhaígh an Coimisiún gur ghlac sé roinnt tuarascálacha agus teachtaireachtaí i réimse na cómhalmartachta maidir le deireadh a chur leis an gceanglas víosa do náisiúnaigh na mBallstát i ndáil le go leor tríú tíortha, agus go raibh sé gníomhach freisin chun cómhalmartacht gan teorainn den sórt sin le Stáit Aontaithe Mheiriceá a áirithiú. Ina dhiaidh sin, dúirt sé nach raibh sé freagrach as srianta ar an iarratasóir maidir le dul isteach sna Stáit Aontaithe agus nach dtiocfadh feabhas ar a staid mar gheall ar dheireadh a chur leis an díolúine ón gceanglas víosa do náisiúnaigh na Stát Aontaithe. Ar deireadh, mhaígh an Coimisiún go mbeadh aon chaingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú do-ghlactha a mhéid nár bhain an gníomh tarmligthe a iarradh go díreach agus go leithleach leis an iarratasóir. Chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh seasamh sonraithe ag an gCoimisiún dá bhrí sin a d'fhág go raibh caingean an iarratasóra mar gheall ar mhainneachtain gníomhú do-ghlactha⁴⁶.

79. Dá bhrí sin, is léir dom gur ghlac an Coimisiún, sa chás seo, seasamh, de réir bhrí an dara mír d'Airteagal 265 CFAE, trína Theachtaireacht an 22 Nollaig 2020 maidir leis an bhfíoras go raibh sé fós i bhfabhar an bhealaigh taidhleoireachta chun cómhalmartacht a fháil ó Stáit Aontaithe Mheiriceá agus go mbeadh glacadh an ghnímh tharmligthe a iarradh fritorthúil ó thaobh an díolúine ón gceanglas víosa a fháil do shaoránaigh uile an Aontais ar mian leo taisteal chuig an tír sin.

80. Ar na cúiseanna sin, measaim go bhfuil caingean na Parlaiminte mar gheall ar mhainneachtain gníomhú do-ghlactha.

⁴⁴ Féach breithiúnas an 14 Nollaig 1962, *Acciaierie San Michele agus páirtithe eile v Haute Autorité* (5/62 go 11/62 agus 13/62 go 15/62, EU:C:1962:46, lch. 881).

⁴⁵ Féach fonóta 9 den Tuairim seo.

⁴⁶ Ordú an 16 Deireadh Fómhair 2017, *Salehi v an Coimisiún* (T-773/16, nár foilsíodh, EU:T:2017:739, míreanna 5 agus 15 go 18).

C. Mainneachtain gníomhú

81. Mar sin féin, measaim gur gá scrúdú a dhéanamh, mar mhalairt air sin, ar an gceist shubstainteach ar mhainnigh an Coimisiún gníomhú nó nár mhainnigh.

82. Mar a luaigh mé i míreanna 32 go 45 den Tuairim seo, measaim go bhfuil corrlach breithmheasa ag an gCoimisiún maidir le gníomh tarmligthe a ghlacadh bunaithe ar phointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806 nó gan é a ghlacadh. Déantar an corrlach breithmheasa sin a theorannú leis na trí chritéar a leagtar amach i bpointe (d) den Airteagal sin.

83. Dá bhrí sin, is i bhfianaise na dtrí chritéar sin nach mór scrúdú a dhéanamh ar cé acu ar mhainnigh ar an gCoimisiún gníomhú nó nár mhainnigh.

84. Is é an chéad chritéar an oibleagáid atá ar an gCoimisiún toradh na mbeart arna nglacadh ag an mBallstát lena mbaineann a chur san áireamh chun an díolúine ón gceanglas víosa leis an tríú tír atá i gceist a áirithiú.

85. Tá Teachtaireacht ón gCoimisiún an 22 Nollaig 2020 an-mhionsonraithe maidir leis an bpointe seo agus luaitear inti go bhfuil na ceithre Bhallstát a raibh an ceanglas víosa fós ag baint leo dá náisiúnaigh chuig na Stáit Aontaithe faoi réir pleananna oibre saincheaptha feasta lena ndíreofaí ar na bearta a bhí le déanamh ag gach ceann acu chun an Clár Díolúine ón gCeanglas Víosa na Stát Aontaithe a chomhlíonadh.

86. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún i láthair na forbairtí maidir leis an ráta diúltaithe víosaí do gach ceann de na Ballstáit sin agus maidir leis na ceanglais slándála, ar gnéithe ríthábhachtacha iad do Stáit Aontaithe Mheiriceá.

87. Is é an dara critéar ná an oibleagáid na céimeanna a glacadh le Stáit Aontaithe Mheiriceá a chur san áireamh, go háirithe sna réimsí polaitiúla, eacnamaíocha agus tráchtála, d’fhonn taisteal gan víosa a athbhunú nó a thabhairt isteach.

88. Ar an gcéad dul síos, tugann an Coimisiún cuntas mionsonraithe do na trí chruinniú oibre dhéthaobhacha nó thríphárteacha le linn 2020, agus é á chur in iúl gur ar leibhéal na n-airí a tionóladh an cruinniú déthaobhach i mí na Bealtaine 2020.

89. Ar an dara dul síos, deir an Coimisiún ina Theachttaireacht an 22 Nollaig 2020, mar gheall ar an idirthréimhse iarthoghcháin sna Stáit Aontaithe, agus go dtí go mbunófar an riarachán nua tar éis insealbhú an Uachtaráin nua a bhí beartaithe don 20 Eanáir 2021, go raibh air é féin a theorannú, in éineacht leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), do thogra le haghaidh clár oibre trasatlantach nua a tharraingt anuas lena meabhraítear a thábhachtaí atá an caidreamh trasatlantach.

90. Agus an méid sin á dhéanamh aige, thug an Coimisiún cuntas ar na bearta a rinneadh ar an leibhéal polaitiúil chun taisteal gan víosa a fháil do na ceithre Bhallstát dheireanacha lena mbaineann. Ar an taobh eile, níl aon tionchar ag na hargóintí ar an ábhar sin atá i bpléadálacha i scríbhinn an Choimisiúin os comhair na Cúirte ar an measúnú i dtaobh an ann nó nach ann don mhainneachtain gníomhú, ós rud é go ndearnadh iad tar éis dó seasamh a ghlacadh maidir le hiarraidh na Parlaiminte chun gníomhú.

91. Baineann an tríú critéar leis na hiarmhairtí a bhaineann le fionraí na díolúine ón gceanglas víosa do chaidreamh seachtrach an Aontais agus a Bhallstát le Stáit Aontaithe Mheiriceá.

92. Murab ionann agus Teachtaireacht an 12 Aibreán 2016, inar tugadh cuntas mionchruinn ar iarmhairtí agus ar thionchar fhionraí na díolúine ón gceanglas víosa do shaoránaigh agus gnólachtaí an Aontais, ní thagraítear i dTeachttaireacht an 22 Nollaig 2020 ach don chéad Teachtaireacht sin sa chuid a bhaineann leis an gcomhthéacs. Deir an Coimisiún ina chonclúidí ansin go gcuireann sé san áireamh ann “go mbeadh iarmhairtí diúltacha suntasacha dá gcuirfí ar fionraí an díolúine ón gceanglas víosa do shaoránaigh na Stát Aontaithe i raon leathan réimsí beartais agus earnálacha, agus go mbainfeadh sé an bonn den chomhar trasatlantach agus den chaidreamh seachtrach le comhpháirtí straitéiseach. D’fhéadfadh sé freisin an díolúine ón gceanglas víosaí do gach saoránach eile [den Aontas] a bheidh ag taisteal go dtí na Stáit Aontaithe a chur i mbaol, dá gcinnfeadh an tír sin an méid atá ráite aige arís agus arís eile a chur i bhfeidhm, eadhon, dá nglacfadh an Coimisiún gníomh tarmhligthe lena gcuirfí an díolúine ón gceanglas víosa do shaoránaigh na Stát Aontaithe ar fionraí, go nglacfadh na Stáit Aontaithe frithbhearta láithreach, i.e. ceanglas víosa a thabhairt isteach do shaoránaigh uile an Aontais.” Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil baint ag an mbagairt go ndéanfaí an ceanglas víosa a athbhunú ach amháin le glacadh gnímh tharmhligthe ag an gCoimisiún agus ní le teacht i bhfeidhm an ghnímh sin, cé go bhfuil sin faoi réir easpa agóide ón bParlaimint agus ón gComhairle⁴⁷.

93. Dá bhrí sin, measaim gur léirigh an Coimisiún go leordhóthanach gur chomhlíon sé pointe (f) den chéad mhír d’Airteagal 7 de Rialachán 2018/1806. Dá bhrí sin, ba cheart an chaingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú a dhíbhe de réir an tuillteanais, má mheasann an Chúirt go bhfuil an chaingean mar gheall ar mhainneachtain gníomhú inghlactha.

VI. Conclúid

94. I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, molaim don Chúirt rialú a thabhairt mar seo a leanas:

- Go príomha, tá an chaingean do-ghlactha.
- Mar mhalairt air sin, déantar an chaingean a dhíbhe.
- Íocfaidh Parlaimint na hEorpa na costais.

⁴⁷ Féach Airteagal 10(7) de Rialachán 2018/1806: “Ní thiofadh gníomh tarmhligthe a ghlactar de bhun Airteagal 7 [an chéad mhír, pointe (f)] i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse ceithre mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Parlaimint na hEorpa nó na Comhairle.